# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2022

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Tíreolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Substaintiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'fhaisnéis fhíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (3 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an bhfaisnéis a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.
Nuair a úsáidtear nótaí mínithe eile le haghaidh ceisteanna áirithe, liostaítear na nótaí mínithe sin tar éis na scéime marcála don cheist ábhartha.

| Nóta mínithe | Úsáid | Marcanna (más iomchuí) |
|---|---|---|
| ✓1 | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✓6 | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| 0 | Freagra mícheart | 0 |
|  | Cuid shuntasach de fhreagra | N/B |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |
| Ex / N / REF | Sampla bailí / ainm / tagairt | 3 |
| P1 / P2 / P3 | Baineann nótaí mínithe le pointe 1 / pointe 2 / pointe 3 | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 3 |

The table below contains information about annotations used for marking the Geographical Investigation.

| Nóta mínithe | Úsáid | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe **(más iomchuí)** |
|---|---|---|
| Iss / Rec / OS | Ceist bhailí / sampla de thaifeadadh/ breathnóireacht | 2 |

# Fiosrú sa Tíreolaíocht- Croí-Aonad 3

*(Féach Aguisín 1 le haghaidh an Liosta Topaicí le do thoil)*

1. Réamhrá

   4 PSÁ @ 1m an ceann
   Cloí leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc Marcanna iomlána 5

2. Pleanáil

   4 PSÁ @ 1m an ceann
   Cloí leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc Marcanna iomlána 5

3. Bailiú Sonraí

   Dhá Mhodh/Thasc @ 18 marc an ceann
   Gach modh/tasc – 9 PSÁ @ 2 mharc an ceann 36m
   Ceadaigh PSÁ amháin ar léaráid do gach Modh/Tasc.

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – 2 mharc ghrádaithe (2/1/0)<br>Cloí leis an bhfad a leagadh síos 2 mharc | 4m |

Marcanna iomlána 40

4. Torthaí, Tátail, Luacháil

   Trí theideal @ 8 marc an ceann
   Gach teideal: 4 PSÁ @ 2 mharc an ceann 24m

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – 4 mharc ghrádaithe (4/2/0)<br>Cloí leis an bhfad a leagadh síos 2 mharc | 6m |

Marcanna iomlána: 30

5. Eagrú agus Léiriú Torthaí

   Dhá mhodh dhifriúla sa chur i láthair
   Gach cur i láthair: 5 PSÁ @ 2 mharc an ceann

Marcanna iomlána: 20

# Briseadh Síos ar na Marcanna don Chur i Láthair

***Píchairt / Treoghraf / Barrachairt / Scaipghraf srl.***

| | |
|---|---|
| X-ais lipéadaithe / ciorcal | 2m |
| Y-ais lipéadaithe / láraithe | 2m |
| Sonraí curtha i láthair i gceart | 2m |
| Sonraí curtha i láthair i gceart | 2m |
| Tuairim ar an iomlán | 2 m grádaithe (2/1/0) |

***Léaráid / Sceitse / Léarscáil***

| | |
|---|---|
| 1 phíosa faisnéise anótáilte | Taispeánta 2m + Ainmnithe 2m |
| 1 phíosa faisnéise anótáilte | Taispeánta 2m + Ainmnithe 2m |
| Tuairim ar an iomlán | 2 m grádaithe (2/1/0) |

***Tábla***

| | |
|---|---|
| Teideal | 2m |
| Sraitheanna lipéadaithe | 2m |
| Colúin lipéadaithe | 2m |
| Sonraí | 2m |
| Tuairim ar an iomlán | 2m grádaithe (2/1/0) |

| **CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**<br>**BRONN DEICH gCINN AR BITH DE NA CEISTEANNA @ 10 MARC AN CEANN.**<br>Marcáil **gach** ceist a ndearnadh iarracht uirthi agus bronn na deich gceist leis na marcanna is airde. | | | | |
|---|---|---|---|---|
| C.1 (i) | C | | 2m | |
| | B | | 2m | |
| | A | | 2m | |
| C.1 (ii) | Bréagach | | 2m | |
| C.1 (iii) | Fíor | | 2m | Iomlán 10m |
| C.2 (i) | A | C.2 (ii) **(Creimeadh)** | 2m | |
| | C | Sil-leagan | 2m+ 2m | |
| | B | **(Sil-leagan)** | 2m | |
| | **(D)** | Creimeadh | 2m | Iomlán 10m |
| C.3 | E | | 2m | |
| | D | | 2m | |
| | C | | 2m | |
| | B | | 2m | |
| | A | | 2m | Iomlán 10m |
| C.4 | D | | 2m | |
| | A | | 2m | |
| | B | | 2m | |
| | C | | 2m | |
| | E | | 2m | Iomlán 10m |
| C.5 (i) | B | | 2m | |
| | D | | 2m | |
| | C | | 2m | |
| | A | | 2m | |
| (ii) | Bréagach | | 2m | Iomlán 10m |
| C.6 (i) | B | | 2m | |
| | A | | 2m | |
| | D | | 2m | |
| | C | | 2m | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| (ii) | D | 2m | Iomlán 10m |
| C.7 (i) | Caisleán | 2m | |
| | Gailf 18 bpoll | 2m | |
| | Páirceáil | 2m | |
| (ii) | Siombail a tarraingíodh mar is ceart | 2m | |
| (iii) | S 205 234 | 2m | Iomlán 10m |
| C.8 (i) | Thoir theas | 5m | |
| (ii) | 4.3km | 5m | Iomlán 10m |
| C.9 (i) | Fíor | 2m | |
| (ii) | Fíor | 2m | |
| (iii) | Bréagach | 2m | |
| (iv) | Fíor | 2m | |
| (v) | Bréagach | 2m | Iomlán 10m |
| C.10 (i) | B | 2m | |
| | D | 2m | |
| | A | 2m | |
| | C | 2m | |
| (ii) | Lagrach | 2m | Iomlán 10m |
| C.11 (i) | 13(%) | 2m | |
| (ii) | An Ghearmáin | 2m | |
| (iii) | 4(%) | 2m | |
| (iv) | An Ríocht Aontaithe/An Bheilg/An Eilbhéis | 2m | |
| (v) | Táirge bailí amháin ainmnithe | 2m | Iomlán 10m |
| C.12 | 21.7(m) | 2m | |
| | Tóiceo | 2m | |
| | Béising agus Dhaka | 2m+ 2m | |
| | Uirbeach | 2m | Iomlán 10m |

## ROINN 1

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISEACHACH

**Ceist 1 go 3**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

**1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Abhainn na Siúire
- An cuaille triantánachta ag Leacht na Francaí (Lachtnafrankee)
- Ionad dearchta
- An líne iarnróid
- Limistéar d'fhoraois bhuaircíneach in iardheisceart na léarscáile.

**[30m]**

**Imlíne na Sracléarscáile:**

| | |
|---|---|
| **Teorainneacha/Fráma** | **1m** |
| **Comhréir (tírdhreach)** | **2m** |
| **Tuairim ar an Iomlán** | **2m grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |

**Cúig rud á dtaispeáint agus lipéadaithe amhail a leanas:**

| | |
|---|---|
| **Ag taispeáint** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-iomlán 25 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as míreanna a thaispeáint agus a lipéadú agus 0 marc de na 5 mharc as teorainneacha, cion agus tuairim ar an iomlán.**

**Iomlán 30m**

**1B. Forbairt Tírghnéithe**

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, le cuidiú léaráidí, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**Foirmiú dhá thírghné ar bith @ 20 marc an ceann.**
**Do gach aon tírghné:**

| | |
|---|---|
| **Tírghné ainmnithe** | **1m** |
| **Léaráid(í) dhá ghné @ 2 mharc an ceann** | **4m** |
| **Foirmiú mínithe 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **15m** |

**Ní mór do PSÁ amháin ar a laghad míniú a thabhairt ar phróiseas ábhartha.**
**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán 40m**

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**Dhá phróiseas ar bith @ 20 marc an ceann**

**Do gach aon phróiseas:**

| | |
|---|---|
| **Próiseas luaite** | **2m** |
| **Cur síos / Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18m** |

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**
**Ceadaigh sampla ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán 40m**

**1C. Teicteonaic Phlátaí**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de phláta teicteonach.

**Pláta teicteonach ainmnithe 3m**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar cad a tharlaíonn ag teorainneacha plátaí.

**Cur Síos/Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann 27m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**

**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 2

### 2A. Ollghluaiseacht

**Brúchtadh Portaigh i nDún na nGall**

Táthar ag rangú brúchtadh portaigh i gContae Dhún na nGall mar 'eachtra truaillithe tromchúiseach' i ndiaidh do na céadta míle tona de mhóin agus d'fhoraois sleamhnú síos le fána agus abhainn áitiúil a thruailliú.

Tá na húdaráis ag iarraidh a fháil amach cad é ba chúis leis an mbrúchtadh portaigh i gceantar gar do Bhealach Féich. Dúirt muintir na háite go raibh gníomhaíocht tógála ar siúl le déanaí ar Fheirm Ghaoithe na Míne Boige atá in aice láimhe, agus gur cheap siad go raibh ról suntasach aige sin i spreagadh na heachtra ollghluaiseachta seo.



Toradh an bhrúchta portaigh gar do Bhealach Féich, Contae Dhún na nGall

Is le Fuinneamh Invis Feirm Ghaoithe na Míne Boige, agus tá siad ag obair leis an ngnólacht miondíola domhanda Amazon chun fuinneamh a sholáthar dá n-ionaid sonraí ar fud an domhain.

Curtha in oiriúint ó www.irishindependent.ie

Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén contae inar tharla an brúchtadh portaigh?

**Dún na nGall** **3m**

(ii) Cad a cheapann muintir na háite ba chúis leis an mbrúchtadh portaigh?

**Gníomhaíocht foirgníochta le déanaí ag feirm ghaoithe atá ar na gaobhair** **3m**

(iii) Ainmnigh iarmhairt **amháin** den bhrúchtadh portaigh a luaitear san alt.

**Truailliú abhainn** **3m**

(iv) Cén úsáid a bhaintear as an bhfuinneamh a ghintear ar an bhfeirm ghaoithe?

**Fuinneamh a sholáthar le hionaid sonraí ar fud an domhain** **3m**

(v) I do fhreagarleabhar, luaigh cé acu tapa **nó** mall atá gach ceann de na cineálacha seo próisis ollghluaiseachta:

- Maidhm shneachta/shléibhe **Tapa** **3m**
- Ithirthéaltú **Mall** **3m**
- Láibshreabhadh **Tapa** **3m**
- Maidhm charraige. **Tapa** **3m**

(vi) Tabhair míniú achomair ar thoisc **amháin**, seachas gníomhaíocht an duine, a mbíonn tionchar aige ar an ollghluaiseacht.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**2B. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla**

Scrúdaigh an tslí a n-idirghníomhaíonn daoine le ceann **amháin** de na próisis dromchla a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Ollghluaiseacht.

| | |
|---|---|
| **Idirghníomhú aitheanta** | **3m** |
| **Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **27m** |

**Ceadaigh an dara n-idirghníomhú a aithníodh le haghaidh PSÁ amháin.**
**Caithfear gach idirghníomhú eile a mhíniú le haghaidh PSÁnna.**
**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**
**Is féidir glacadh le léirmhíniú dearfach agus diúltach**

**Iomlán 30m**

## 2C. Carraigeacha




www.quarriesandbeyond.org, www.collinsdictionary.com agus www.flickr.com

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B** agus **C** leis an gcarraig ar an liosta thíos is fearr a mheaitseálann é:

- **B** Gaineamh-chloch **3m**
- **C** Aolchloch **3m**
- **A** Marmar **3m**

(ii) Luaigh **dhá** shlí a mbaintear úsáid as carraigeacha.

**Dhá bhealach bhailí luaite** **3m + 3m**

(iii) Ainmnigh **agus** tabhair suíomh de charraig bhruthcharraig **amháin**.

**Carraig bhailí ainmnithe** **4m**

**Suíomh bailí ainmnithe** **3m**

(iv) Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh a bhfoirmítear bruthcharraigeacha.

**Cur síos/Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**


**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**

**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán 40m**

## Ceist 3

### 3A. Gníomhaíocht Bholcánach




Scrúdaigh an léaráid thuas ina dtaispeántar brúchtadh bolcánach agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, bain úsáid as gach ceann de na téarmaí ar an liosta thíos chun na gnéithe atá lipéadaithe mar **A**, **B**, **C** agus **D** sa léaráid thuas a ainmniú.

- **C** Seomra magma **3m**
- **A** Cráitéar **3m**
- **E** Sraitheanna de luaithreach agus de charraig **3m**
- **B** Scamall luaithrigh. **3m**

(ii) Luaigh cé acu beo, suanach nó marbh atá an bolcán a thaispeántar thuas?

**Beo** **3m**

(iii) Ainmnigh sampla **amháin** de bholcán a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Sampla bailí ainmnithe** **3m**

(iv) Liostaigh **dhá** iarmhairt dhearfacha a bhíonn ag bolcáin.

**Dhá iarmhairt bhailí liostaithe** **3m+3m**

(v) Tabhair míniú achomair ar iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhíonn ag bolcáin.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**3B. Síonchaitheamh**

(i) Ainmnigh **dhá** thoisc ar bith a mbíonn tionchar acu ar an síonchaitheamh.
**Dhá thoisc bhailí ainmnithe** **2m + 2m**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** cheann ar bith de na cineálacha síonchaithimh seo a leanas:

- Síonchaitheamh oinniúnach
- Carbónáitiú
- Gníomhaíocht reo is coscartha.

**Dhá chur síos / mhíniú @18 marc an ceann**

**Do gach cineál síonchaithimh:**
**Cur síos/míniú 6 PSA @3 mharc an ceann** **36m**

**Do gach cineál síonchaithimh:**
**Ceadaigh PSÁ amháin as sampla/suíomh ainmnithe.**
**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán 40m**

**3C. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha**

Tabhair cur síos agus míniú ar conas a idirghníomhaíonn an duine le timthriall na gcarraigeacha agus bíodh tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinneamh geoiteirmeach.

**Cur síos / Míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann.**

**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**
**Is féidir glacadh le léirmhíniú dearfach agus diúltach**

**Iomlán 30m**

**ROINN 2**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

### 4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún seo
- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** sa réigiún seo (talamh ard nó íseal)
- **Dhá** bhaile mhóra nó **dhá** chathair ainmnithe sa réigiún seo.

**Imlíne an Réigiúin** **6m grádaithe (6/4/2/0)**

| | | |
|---|---|---|
| **Abhainn:** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Taispeánta** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Rilíf (talamh ard/talamh íseal):** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Taispeánta** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair 1:** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Taispeánta** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair 2:** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Taispeánta** | **4m grádaithe (4/2/0)** |

**Iomlán 30m**

### 4B. Talmhaíocht – Réigiún in Éirinn

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tú ag tagairt do réigiún **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh **dhá** chineál talmhaíochta a chleachtar sa réigiún seo.

**Dhá chineál bhailí ainmnithe** **2m+2m**

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún seo d'fhorbairt na talmhaíochta.

**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**
**Ceadaigh réigiún ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh an talmhaíocht sa réigiún seo.

**Cur síos 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

**4C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach i Réigiún Eorpach**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tú ag tagairt do réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh sampla **amhá**in de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sa réigiún seo.

**Sampla bailí amháin ainmnithe** **3m**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar fhorbairt thionscal na déantúsaíochta sa réigiún seo.


**Cur Síos/míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**
**Ceadaigh réigiún ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**
**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 5

### 5A. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach

Líon na ndaoine a tháinig ó thar lear go hÉirinn, de réir na bliana agus na háite ónar tháinig




Scrúdaigh na píchairteacha thuas ina dtaispeántar líon na ndaoine a tháinig ó thar lear go hÉirinn de réir na háite éagsúla ónar tháinig siad in 2019, 2020 agus 2021. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé mhéad duine a thaistil trasna an Atlantaigh go hÉirinn in 2019?

**2,155,000** **3m**

(ii) Cén bhliain inar thaistil 2,170,000 duine go hÉirinn ó mhór-roinn na hEorpa?

**2020** **3m**

(iii) Cad as ar thaistil 781,000 duine go hÉirinn in 2021?

**Trasna an chainéil (An Ríocht Aontaithe)** **3m**

(iv) Ríomh líon iomlán na ndaoine a thaistil go hÉirinn in 2021.

**2,552,000** **6m**

(v) Ainmnigh aerfort nó calafort **amháin** in Éirinn.

**Aerfort nó calafort bailí amháin ainmnithe** **3m**

(vi) Mínigh go hachomair fáth **amháin** a raibh líon na ndaoine a tháinig go hÉirinn in 2020 agus in 2021 níos ísle ná líon na ndaoine a tháinig in 2019.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

(vii) Mínigh dúshlán **amháin** a bhíonn ann mar gheall ar níos lú turasóirí a bheith ag teacht go hÉirinn.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**5B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Mínigh **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas, agus tú ag tagairt do réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Na tosca a mbíonn tionchar acu ar an **talmhaíocht** sa réigiún
- Tábhacht na **déantúsaíochta** don réigiún
- Na fáthanna a dtarraingítear **turasóirí** go dtí an réigiún.

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 1 mínithe 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **21m** |
| **Gníomhaíocht 2 mínithe 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18m** |
| **Réigiún ainmnithe** | **1m** |
| | **Iomlán 40m** |

**5C. Tréithe Réigiún**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de chroí-réigiún **agus** mínigh an fáth a bhfuil an réigiún seo ina chroí-réigiún.

| | |
|---|---|
| **Croí-réigiún bailí amháin ainmnithe** | **3m** |
| **Míniúchán: 4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **12m** |


(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de réigiún imeallach **agus** mínigh an fáth a bhfuil an réigiún seo ina réigiún imeallach.

| | |
|---|---|
| **Réigiún imeallach bailí ainmnithe** | **3m** |
| **Míniúchán: 4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **12m** |
| | **Iomlán 30m** |

## Ceist 6

### 6A. An tAontas Eorpach

An Bhliain a ndeachaigh Ballstáit Reatha agus Iar-Bhallstáit isteach san Aontas Eorpach




(i) Cén bhliain a ndeachaigh an Phortaingéil agus an Spáinn isteach san Aontas Eorpach?

**1986** **3m**

(ii) Cé mhéad tír a chuaigh isteach san Aontas Eorpach i 1995?

**Trí** **3m**

(iii) Cén tír a chuaigh isteach san Aontas Eorpach an bhliain chéanna leis an Rómáin?

**An Bhulgáir** **3m**

(iv) Ainmnigh **dhá** thír a chuaigh isteach san Aontas Eorpach in 2004.

**Dhá thír bhailí ainmnithe** **3m + 3m**

(v) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

(vi) Cén tír, a bhfuil an lipéad **X** uirthi ar an léarscáil, a d'fhág an tAontas Eorpach in 2020?

**An Ríocht Aontaithe** **3m**

(vii) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**6B. Réigiúin Uirbeacha**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar na cúiseanna atá le fás limistéir uirbigh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Cur Síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**
**Ceadaigh ceantar uirbeach ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin**

**Iomlán 30m**

**6C. An Turasóireacht i Réigiún in Éirinn**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tú ag tagairt do réigiún **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh **dhá** rud a tharraingíonn turasóirí isteach sa réigiún seo.

**Dhá rud bhailí a tharraingíonn turasóirí isteach ainmnithe** **2m+2m**

(ii) Mínigh na fáthanna a bhfuil tarraingt turasóirí ar an réigiún seo.

**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**
**Ceadaigh réigiún ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

(iii) Déan cur síos ar fhadhb **amháin** a luaitear leis an turasóireacht sa réigiún seo.

**Cur síos 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

## ROINN 3 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceisteanna 10, 11 agus 12)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

| PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA |
|---|
| **Ceist 7 go 9** |

## Ceist 7

### 7A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chluain Meala a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An abhainn
- Droichead
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile.
- Carrchlós sa lár ar dheis
- Foirgneamh tionsclaíoch sa tulra láir.

| | |
|---|---|
| **Imlíne na Sracléarscáile:** | |
| **Teorainneacha/Fráma** | **1m** |
| **Comhréir (tírdhreach)** | **2m** |
| **Tuairim ar an iomlán** | **2m grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |
| **Cúig rud á dtaispeáint agus lipéadaithe amhail a leanas:** | |
| **Ag taispeáint** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-iomlán 25 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as gnéithe, ach 0 marc de na 5 mharc as an sracléarscáil.**

**Iomlán 30m**

**7B. Breoslaí Iontaise**

(i) Ainmnigh **dhá** bhreosla iontaise.

**Dhá bhreosla iontaise bhailí ainmnithe** **3m+3m**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a dtéann dó breoslaí iontaise i bhfeidhm ar an gcomhshaol.

**Tionchar Aitheanta 1 PSÁ** **3m**

**Cur Síos/míniú 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **21m**

**Ceadaigh an dara tionchar a aithníodh le haghaidh PSÁ amháin.**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán 30m**

**7C. Geilleagar Forbartha**

(i) Ainmnigh geilleagar forbartha **amháin** ina gcuireann an turasóireacht **nó** seirbhísí airgeadais leis an ngeilleagar sin.

**Geilleagair forbartha ainmnithe** **4m**

(ii) Mínigh na cúiseanna atá le fás na turasóireachta **nó** le fás na seirbhísí airgeadais sa gheilleagar forbartha a d'ainmnigh tú i gcuid (i) thuas.

**Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

(iii) Mínigh tairbhe **amháin** atá le baint ag geilleagar tíortha forbartha as an turasóireacht **nó** as seirbhísí airgeadais.

**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**


(iv) Mínigh fadhb **amháin** a éiríonn as an turasóireacht **nó** as seirbhísí airgeadais.

**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

## Ceist 8

### 8A. Fuinneamh In-athnuaite




Scrúdaigh an bharrachairt thuas ina dtaispeántar acmhainn an fhuinnimh in-athnuaite i dtíortha roghnaithe in 2020 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Céard é acmhainn an fhuinnimh in-athnuaite, ina gigeavatanna, a bhí ag India in 2020?

**134 (gigeavata)** **3m**

(ii) Cén tír ar an gcairt thuas ba mhó acmhainn fuinnimh in-athnuaite in 2020?

**An tSín** **3m**

(iii) Ríomh acmhainn iomlán an fhuinnimh in-athnuaite, ina gigeavatanna, a bhí ag an tSín, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Bhrasaíl le chéile.

**1,337 (gigeavata)** **6m**

(iv) Ainmnigh **dhá** fhoinse fuinnimh in-athnuaite.

**Dhá fhoinse bhailí ainmnithe** **3m+3m**

(v) Mínigh go hachomair **dhá** chúis a bhfuil tíortha ag déanamh breis infheistíochta san fhuinneamh in-athnuaite.

**Cúis 1 - Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann 6m**

**Cúis 2 - Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann 6m**

**Iomlán 30m**

**8B. Gníomhaíocht Gheilleagrach agus Coinbhleacht**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** den dóigh ar tharla coinbhleacht idir daoine de thoradh ar fhorbairt gníomhaíochtaí geilleagracha.

**Sampla bailí ainmnithe** **3m**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an gcoinbhleacht seo.

**Cur síos agus míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann.** **27m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán 30m**

**8C. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Cuir i gcás gur tugadh mar thasc duit suíomh oiriúnach le haghaidh óstáin mhóir nua a fháil taobh istigh den limistéar atá ar an léarscáil.

(i) Luaigh, agus tagairt eangaí sé fhigiúr á húsáid agat, cén áit a lonnófá an t-óstán.

**Tagairt eangaí sé fhigiúr** **4m grádaithe (4/2/0)**

(ii) Mínigh na cúiseanna ar roghnaigh tú an suíomh sin.

**Cúiseanna mínithe 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**

(iii) Déan cur síos ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an óstán a lonnú sa suíomh sin.

**Míbhuntáiste amháin mínithe 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

## Ceist 9

### 9A. Forbairt Gheilleagrach

An Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) i dTíortha Roghnaithe in 2020

| Tír | OTN ($SAM trilliún) |
|---|---|
| SAM | 20 |
| An tSín | 13 |
| An tSeapáin | 5 |
| An Ghearmáin | 4 |
| An Ríocht Aontaithe | 3 |

Curtha in oiriúint ó www.worldpopulationreview.com

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an olltáirgeacht náisiúnta (OTN) i dtíortha roghnaithe in 2020. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

**Grafpháipéar 3 mharc**

**Ais cheartingearach lipéadaithe/Ciorcal** **3m grádaithe (3/1/0)**

**Ais chothrománach lipéadaithe/Láraithe** **3m grádaithe (3/1/0)**

**5 mhír @ 3 mharc an ceann grádaithe (3/1/0)** **15m**

**Fo-iomlán 24 mharc**

(ii) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** do thír a ghabhann le holltáirgeacht náisiúnta ard a bheith aici.

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

### 9B. Cuideachta Ilnáisiúnta

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** atá lonnaithe in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat uirthi **agus** ainmnigh táirge **amháin** a dhéanann sí.

**MNC bailí ainmnithe** **4m**

**Táirge bailí ainmnithe** **3m**

(ii) Luaigh an áit in Éirinn ina bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta seo lonnaithe **agus** mínigh cén fáth ar lonnaigh sí san áit seo.

**Suíomh bailí** **3m**

**Míniú 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **21m**

(iii) Mínigh cúis **amháin** a bhféadfadh an chuideachta ilnáisiúnta seo cinneadh a dhéanamh lonnú i dtír eile.

**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

**9C. Éire agus an tAontas Eorpach**

(i) Ainmnigh polasaí **amháin** de chuid an Aontais Eorpaigh a mbíonn tionchar aige ar gheilleagar na hÉireann.

**Polasaí bailí ainmnithe** **3m**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar iarmhairtí an pholasaí seo do gheilleagar na hÉireann.

**Tionchar Aitheanta 1 PSÁ** **3m**

**Cur síos agus míniú 8 PSÁ @ 3 mharc an ceann.** **24m**

**Ceadaigh dara tionchar a bheith aitheanta le haghaidh PSÁ amháin.**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán 30m**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

### 10A. Plódú Tráchta

Leibhéal an Phlódaithe Tráchta i Roinnt Cathracha san Eoraip in 2020

| Cathair san Eoraip | Leibhéal an Phlódaithe Tráchta |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 38% |
| Londain | 31% |
| Liospóin | 23% |
| Cóbanhávan | 18% |
| Maidrid | 15% |

Curtha in oiriúint ó www.tomtom.com

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar leibhéal an phlódaithe tráchta i roinnt cathracha san Eoraip in 2020. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus **grafpháipéar** á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

**Grafpháipéar 3 mharc**

**Ais cheartingearach lipéadaithe/Ciorcal** **3m grádaithe (3/1/0)**

**Ais chothrománach lipéadaithe/Láraithe** **3m grádaithe (3/1/0)**

**5 mhír @ 3 mharc an ceann grádaithe (3/1/0)** **15m**

**Fo-iomlán 24 mharc**

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil leibhéal an phlódaithe tráchta ard i mBaile Átha Cliath.

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**10B. Imirce – Éire**

(i) Tabhair cur síos agus míniú ar na cúiseanna a dtéann daoine in Éirinn ar imirce ó na ceantair thuaithe go dtí na cathracha, agus tú ag baint úsáid as samplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

| | |
|---|---|
| **Cúiseanna** | **2m+2m** |
| **Cur síos/míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18m** |
| **PSÁ amháin ar a laghad as míniú** | |

(ii) Mínigh iarmhairt **amháin** do na ceantair thuaithe a bhíonn ag an imirce ó na ceantair thuaithe go dtí na ceantair uirbeacha.

| | |
|---|---|
| **Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **9m** |

(iii) Mínigh bac **amháin** atá ar an imirce.

| | |
|---|---|
| **Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **9m** |

**Iomlán 40m**

**10C. Forbairt Bailte**


Agus fianaise ón aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo á húsáid agat, mínigh **trí** chúis ar fhorbair baile Chluain Meala sa suíomh ina bhfuil sé.

| | |
|---|---|
| **Trí chúis @ 10 marc an ceann** | **30m** |
| **I gcás gach cúise:** | |
| **Fianaise ón aerfótagraf** | **1m** |
| **Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **9m** |

**Iomlán 30m**

## Ceist 11

### 11A. Dinimic Daonra




Curtha in oiriúint ó www.populationpyramid.net

Scrúdaigh an phirimid daonra thuas ina dtaispeántar struchtúr an daonra réamh-mheasta in Éirinn in 2050. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén céatadán de na baineannaigh a réamh-mheastar a bheidh san aoisghrúpa 20-24?
**2.5(%)** **3m**

(ii) An réamh-mheastar go mbeidh níos mó fireannach ná baineannach san aoisghrúpa 85+?
**Baineannaigh** **3m**

(iii) Cén céatadán den daonra iomlán san aoisghrúpa 0-4 a réamh-mheastar a bheidh ina bhfireannaigh?
**2.7(%)** **3m**

(iv) Ríomh an céatadán den daonra iomlán a réamh-mheastar a bheidh san aoisghrúpa 65-69.
**6.5(%)** **6m**

(v) Luaigh úsáid **amháin** a bhaintear as pirimidí daonra.
**Cúis bhailí amháin luaite** **3m**

(vi) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil ionchas saoil fada ag daoine in Éirinn.
**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

(vii) Mínigh go hachomair bealach **amháin** a bhfuil an cruth ar phirimid daonra tíre forbartha difriúil leis an gcruth ar phirimid daonra tíre atá i mbéal forbartha.
**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m** **Iomlán 30m**

**11B. Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa chuid den domhan atá i mbéal forbartha atá ag fás go gasta.

**Cathair sa domhan i mbéal forbartha ainmnithe 4m**

(ii) Mínigh cúis **amháin** leis an bhfás gasta ar an gcathair a d'ainmnigh tú i gcuid (i) thuas.

**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann 9m**

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar **thrí** fhadhb ar bith a bhaineann le fás gasta na cathrach seo atá sa chuid den domhan atá i mbéal forbartha.

**Trí fhadhb @ 9 marc an ceann**

**Do gach fadhb:**

**Cur síos/míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann 27m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**

**Iomlán 40m**

**11C. Lonnaíocht Stairiúil**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh **trí** shampla éagsúla de lonnaíocht stairiúil atá le feiceáil ar an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis **agus** tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do na suíomhanna ina bhfuil siad.

**3 lonnaíocht ainmnithe @ 2 mharc an ceann 6m**

**Lonnaíocht 1 ainmnithe 2m**

**Lonnaíocht 2 ainmnithe 2m**

**Lonnaíocht 3 ainmnithe 2m**

**3 lonnaíocht aimsithe @ 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) 6 mharc**

**Suíomh 1 ainmnithe 2/1/0m**

**Suíomh 2 ainmnithe 2/1/0m**

**Suíomh 3 ainmnithe 2/1/0m**

(ii) Déan cur síos ar gach ceann de na trí lonnaíocht stairiúla a d'ainmnigh tú i gcuid (i) thuas.

**Do gach lonnaíocht stairiúil:**
**Cur síos: 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann 18 marc**

**Iomlán 30m**

## Ceist 12

**12A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chluain Meala a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An abhainn
- Droichead
- Limistéar fóillíochta
- Séipéal sa tulra ar dheis
- Limistéar de thithíocht sraithe sa tulra láir.

| | |
|---|---|
| **Imlíne na Sracléarscáile:** | |
| **Teorainneacha/Fráma** | **1m** |
| **Comhréir (tírdhreach)** | **2m** |
| **Tuairim ar an iomlán** | **2m grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |
| **Cúig rud á dtaispeáint agus lipéadaithe amhail a leanas:** | |
| **Ag taispeáint** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-iomlán 25 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as gnéithe, ach 0 marc de na 5 mharc as sracléarscáil.**

**Iomlán 30m**

**12B. Dinimic Daonra**

'Tá a lán tosca ann a mbíonn tionchar acu ar athrú daonra, agus áirítear ar na tosca sin leibhéil ioncaim, cultúr agus sochaí, agus teicneolaíocht an leighis.'

Tabhair cur síos agus míniú ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar athrú daonra.


**Cur Síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **30m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Ceadaigh toisc bhreise a bheith ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

**Iomlán 30m**

**12C. Feidhmeanna Uirbeacha**




Curtha in oiriúint ó www.en.wikipedia.org, www.joe.ie, www.discoverboynevalley.ie, www.forecourtretailer.com

(i) Scrúdaigh na fótagraif d'fhoirgnimh éagsúla atá lipéadaithe mar **A**, **B**, **C** agus **D** thuas. Meaitseáil gach ceann de na litreacha ar an bhfótagraf leis an bhfeidhm uirbeach ar an liosta thíos is fearr a mheaitseálann é.
Scríobh do fhreagra i do fhreagarleabhar.

- **B** Feidhm chónaithe **3m**
- **D** Feidhm thráchtála **3m**
- **A** Feidhm iompair **3m**
- **C** Feidhm reiligiúnach **3m**

(ii) 'Athraíonn feidhmeanna na gceantar uirbeach le himeacht aimsire.'

Déan an ráiteas seo a phlé agus tú ag tagairt do cheantar uirbeach ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Ceantar uirbeach bailí ainmnithe** **4m**

**Plé 8 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **24m**

**Iomlán 40m**

# Aguisín 1

## Liosta na dTopaicí Fiosrúcháin sa Tíreolaíocht in 2022

1. Iniúchadh ar thionchar na geolaíochta ar mhúnlú an tírdhreacha sa cheantar máguaird.

2. Athrú daonra i gceantar uirbeach nó tuaithe.

3. Truailliú – Staidéir áitiúil.

4. Staidéir ar phatrúin áitiúla aimsire.

5. Iniúchadh a dhéanamh ar thionchar úsáide talún ar phátrúin tráchta sa cheantar máguaird.

6. Iniúchadh a dhéanamh ar conas mar a théann próiseas/próisis geomorfach(a) agus/nó sil-leagan i bhfeidhm ar mhúnlú na tírdhreacha i dtimpeallacht cois cósta nó abhann nó oighreach.

**Aguisín 2**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an gnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

Imscrúdú Tíreolaíoch – Ní chuirtear san áireamh san iomlán do mharcanna bónais é

Nótáil: Tá fáil ar scéim mharcála mhionathraithe le haghaidh iarrthóirí a thug faoi scrúdpháipéar mionathraithe.